



An Roinn Tithíochta,
Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta
Department of Housing,
Local Government and Heritage

Deontas Athchóirithe do Réadmhaoín Fholamh

Ceisteanna Coitianta

Lúnusa 2026

Ciste na mBailte Croí Cónaithe

1. Cad is Ciste na mBailte Croí Cónaithe ann?

Is iomaí ceantar de chathracha, de bhailte, de shráidbhailte agus d'áiteanna tuaithe na tíre atá cráite ag tithe folmha, agus dá gcuirfí ar ais in úsáid iad, d'fhéadfadh fíorbheocht a bheith i gceist leo agus cóiríocht nua a chur ar fáil sna ceantair sin. Is tionscnamh tábhachtach é Ciste na mBailte Croí Cónaithe atá mar bhonn agus mar thaca ag na cuspóirí beartais seo atá leagtha amach i gConair a Ceathair de Thithíocht do Chách.

Tá dhá scéim faoi Chiste na mBailte Croí Cónaithe a chuireann údaráis áitiúla ar fáil. Soláthraíonn an **Deontas Athchóirithe do Réadmhaoin Fholamh** deontas do dhaoine chun tacú le réadmhaoin fholamh a athchóiriú, agus faoin **Scéim Réidh le Tógáil**, cuireann údaráis áitiúla láithreáin seirbhísithe ar fáil i mbailte agus sráidbhailte ag ráta lascainithe do dhaoine ar mian leo teach dá gcuid féin a thógáil. Tá tuilleadh eolais ar fáil [anseo](#).

Seoladh an Deontas Athchóirithe do Réadmhaoin Fholamh, arna mhaoiniú ag Ciste na mBailte Croí Cónaithe, ar an 14 Iúil 2022 agus téann sé chun tairbhe dóibh siúd ar mian leo teach nó foirgneamh a bhí folamh roimhe seo a iompú ina bpríomháit chónaithe phríobháideach nó ina réadmhaoin ar cíós. Ag tógáil ar rath an deontais, agus ag teacht leis an ngníomh comhaontaithe sa Phlean Tithíochta nua Tithe a Sheachadadh, Pobail a Thógáil 2025 - 2030, cheadaigh an Rialtas i mí na Nollag infhaighteacht an deontais a leathnú go dtí 2030.

2. Cén maoiniú atá ar fáil d'iarraitasóirí faoin Deontas Athchóirithe do Réadmhaoin Fholamh?

Beidh deontas suas le huasmhéid **€50,000** ar fáil chun athchóiriú a dhéanamh ar réadmhaoin fholamh lena n-áitiú mar phríomháit chónaithe phríobháideach agus le haghaidh réadmhaoine a chuirfear ar fáil ar cíós agus an tionóntacht cláraithe leis an mBord um Thionóntachtaí Cónaithe (BTC), lena n-áirítear réadmhaoin nár úsáideadh mar réadmhaoin chónaithe go dtí seo a athchóiriú¹, faoi réir cead pleanála cuí a bheith i bhfeidhm. Beidh sé seo faoi réir teorainneacha uachtaracha do na cineálacha oibre a shonraítear thíos (R.23) ag féachaint do mheasúnú costais réasúnta ag an údarás áitiúil. Tá costas CBL na n-oibreacha san áireamh sa deontas.

Sa chás go bhfuiltear ag súil go mbeidh na costais athchóirithe níos airde ná an deontas caighdeánach de suas le **€50,000**, tá méid deontais breisithe uasta de suas le **€20,000** ar fáil sa chás go ndeimhníonn an t-iarraitasóir/na hiarratasóirí go bhfuil an réadmhaoin dearóil (i.e. struchtúr nach bhfuil slán agus contúirteach) nó sa chás go bhfuil an réadmhaoin luaite ar Clár Láithreán Dearóil an údaráis áitiúil cheana

¹ Tagraíonn sé seo d'fhoirgnimh a bhí in úsáid chun críche tráchtála nó poiblí roimhe seo.

Tabhair faoi deara, i gcás ina n-úsáidtear "réadmhaoin/réadmhaoine" sa doiciméad, go dtagraíonn sé seo do theaghaisí aonair agus d'iarfhoirgnimh tráchtála/úsáide.

féin, rud a chiallaíonn go mbeidh an deontas iomlán atá ar fáil do réadmhaoin dhearóil cothrom le huasmhéid de **€70,000**. I gcás deontais bhreisithe i ndáil le réadmhaoin thréigthe nach bhfuil ar chlár na láithreán thréigthe, ní mór tuarascáil neamhspleách arna hullmhú ag gairmí atá cáilithe go cuí a chur isteach in éineacht leis an iarratas, a dheimhníonn, chun sástacht an údaráis áitiúil, go bhfuil an réadmhaoin thréigthe, i.e. nach bhfuil sí slán ó thaobh struchtúir di agus go bhfuil sí contúirteach.

Ón 31 Márta 2026, i gcás ina bhfuil iarfhoirgneamh tráchtála /úsáide poiblí á thiontú ina dhá aonad cónaithe nó níos mó, tá breisiú breise á chur ar fáil ar leibhéil deontais reatha. I gcás ina bhfuil dhá aonad cónaithe á gcruthú san iarfhoirgneamh tráchtála /úsáide poiblí roimhe seo, beidh breisiú suas le €20,000 ar fáil ar leibhéil deontais reatha de €50,000 agus €70,000 agus i gcás ina gcruthaítear trí aonad nó níos mó, beidh breisiú suas le €40,000 ar fáil ar leibhéil deontais reatha.

Tá an deontas faoi réir uasteorainneacha do na cineálacha oibre a shonraítear thíos (R.22) ag féachaint do mheasúnú costais réasúnta ag an údarás áitiúil. Tá costas CBL na n-oibreacha san áireamh sa deontas.

Braithfidh leibhéal an deontais ar na hoibreacha a cheadóidh an t-údarás áitiúil agus íocfar é bunaithe ar fhianaise amhail sonra(i)sc /admhálacha atá mionsonraithe go cuí tar éis don údarás áitiúil iniúchadh deiridh a dhéanamh.

3. An féidir liom leas a bhaint as deontais / dreasachtaí eile chun spás folamh i mo réadmhaoin a thiontú /a athchóiriú?

D'fhéadfadh go mbeadh **Deontas Scéim Tithe Fuinnimh Níos Fearr**³ ar fáil in éineacht leis an Deontas seo. Ba cheart oibreacha atá clúdaithe ag Scéim SEAI um Tithe le Fuinnimh Níos Fearr a bheith scoite ó na hoibreacha a bhfuil iarratas á dhéanamh orthu faoin Deontas Athchóirithe do Réadmhaoin Fholamh. Caithfidh an t-údarás áitiúil a bheith sásta nach ndéantar éileamh ar na hoibreacha beartaithe faoi aon deontas eile.

Cuireann **an Tionscnamh um Chathair Bheo (TCB)** faoiseamh cánach suas le €300,000 ar fáil do chaiteachais cáilitheach a thabhaítear ar athchóiriú agus tiontú réadmhaoine cónaithe agus tráchtála araon atá suite laistigh d'ionaid stairiúla Chorcaí, Bhaile Átha Cliath, na Gaillimhe, Chill Chainnigh, Luimnigh agus Phort Láirge agus d'fhéadfadh sé a bheith ar fáil i gcomhar leis an Deontas Folamh Os Cionn an tSiopa.

Is féidir le suíomh gréasáin na n-údarás áitiúil ábhartha tuilleadh eolais agus léarscáileanna a sholáthar a shainaithníonn na limistéir athghiniúna speisialta ina limistéir riaracháin.

Tá tuilleadh eolais ar fáil ag na naisc thíos: <https://www.gov.ie/en/department-of-housing-local-> Tabhair faoi deara, i gcás ina n-úsáidtear "réadmhaoin/réadmhaoine" sa doiciméad, go dtagraíonn sé seo do theaghaisí aonair agus d'iarfhoirgnimh tráchtála/úsáide.

government-and-heritage/publications/the-living-city-initiative/

<https://www.revenue.ie/en/tax-professionals/tdm/income-tax-capital-gains-tax-corporation-tax/part-10/10-13-01.pdf> .

Beidh méid an deontais íoctha á asbhaint ó na costais incháilithe fhoriomlána atá infheidhme d'fhaoiseamh cánach faoi TCB i gcás na n-iarratasóirí sin a bhfuil tairbhe á baint acu as an Deontas agus as TCB.

4. Cén réadmhaoín atá incháilithe don deontas?

Réadmhaoín chónaithe fholamh a tógadh agus a críochnaíodh roimh 2008. Ina theannta sin, d'fhéadfadh iarfhoirgnimh tráchtála / úsáide poiblí nár úsáideadh roimhe seo chun críocha cónaithe cáiliú don deontas (faoi réir na gcoinníollacha deontais go léir a chomhlíonadh). Ní mór do gach réadmhaoín a mheastar a bheith folamh ar feadh dhá bhliain nó níos mó tráth an iarratais, teastaíonn fianaise a thacaíonn leis sin mar chuid den iarratas ar dheontas.

Níl foirgnimh talmhaíochta ar nós seideanna/sciobóil etc. incháilithe don deontas.

5. Cén fhoirm iarratais atá le comhlánú agam?

Ceanglaítear orthu siúd a dhéanann iarratas ar an deontas le haghaidh áit chónaithe aonair i.e., árasán, teach, agus athchóiriú iarfhoirgnimh tráchtála/úsáide poiblí ina bhfuil aonad cónaithe amháin á chruthú an fhoirm iarratais dar teideal **“Deontas Athchóirithe do Réadmhaoín Fholamh a líonadh**.

Ceanglaítear orthu siúd a dhéanann iarratas ar an deontas chun iarfhoirgneamh iomlán tráchtála nó úsáide poiblí a thiontú ina dhá aonad cónaithe nó níos mó an fhoirm iarratais dar teideal **“Deontas Athchóirithe do Réadmhaoín Fholamh - Athoiriúnú ar iarfhoirgneamh Tráchtála/Úsáide Poiblí”** a chomhlánú.

Ceanglaítear ar gach iarratasóir a chur in iúl ar an bhfoirm iarratais má tá iarratas á dhéanamh acu i leith réadmhaoine a bheidh ag feidhmiú mar príomháit chónaithe phríobháideach nó i leith réadmhaoine a chuirfear ar fáil ar cíós nó i gcás iarfhoirgnimh tráchtála/úsáide poiblí ina bhfuil níos mó ná aonad cónaithe amháin á chruthú.

Ní mór dóibh siúd atá ag cur isteach ar an deontas a chur in iúl ar na foirmeacha iarratais freisin má tá siad ag cur isteach ar an Deontas Athchóirithe do Réadmhaoín Fholamh amháin nó ar an Deontas Athchóirithe do Réadmhaoín Fholamh agus an Deontas breisithe um Réadmhaoín Thréigthe mar chuid dó.

Tabhair faoi deara, i gcás ina n-úsáidtear “réadmhaoín/réadmhaoine” sa doiciméad, go dtagraíonn sé seo do theaghaisí aonair agus d'iarfhoirgnimh tráchtála/úsáide.

Ceanglaítear ar iarratasóirí a thug le fios go bhfuil iarratas á dhéanamh acu ar an deontas maidir le réadmhaoín a bheidh mar phríomháit chónaithe phríobháideach acu a chur in iúl ar an bhfoirm iarratais freisin má tá /má tá sé ar intinn acu iarratas a dhéanamh ar lasacht Ceannaigh agus Athchóirithe an Údaráis Áitiúil (LAPR) nó ar LAPR athchóirithe amháin.

6. Cé a dhéanann bainistiú ar an Deontas Athchóirithe do Réadmhaoín Fholamh?

Tá an Deontas Athchóirithe do Réadmhaoín Fholamh á bhainistiú agus á riar ag na húdaráis áitiúla thar ceann na Roinne Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta. Faigheann agus próiseálann gach údarás áitiúil iarratais ar an Deontas Athchóirithe do Réadmhaoín Fholamh agus déanann siad cinntí orthu.

7. Cad iad na céimeanna chun iarratas a dhéanamh ar an Deontas Athchóirithe do Réadmhaoín Fholamh?

Déantar feidhmiú an Deontais um Athchóiriú ar Réadmhaoín Fholamh a tharmligean chuig údaráis áitiúla a riarann an scéim.

Céimeanna chun an t-iarratas deontais a mheas agus a cheadú:

Déanfaidh an t-údarás áitiúil a ndéantar an t-iarratas chuige:

- An fhoirm iarratais a sheiceáil lena chinntiú go bhfuil sí comhlánaithe go hiomlán, go bhfuil an dearbhú ar an bhfoirm iarratais sínithe agus go bhfuil na doiciméid tacaíochta riachtanacha curtha isteach. Tá seicliosta de na doiciméid is gá a chur isteach ar fáil ar an bhfoirm iarratais;
- Measúnú ar an iarratas de réir choinníollacha na scéime;
- Sa chás go bhfuil an t-iarratas in ord agus gur cuireadh doiciméid tacaíochta riachtanacha ar fáil, socrú go mbeidh foireann theicniúil oiriúnach in ann cuairt a thabhairt ar an réadmhaoín chun na hoibreacha a ndearnadh iarratas orthu a sheiceáil agus chun measúnú a dhéanamh ar na costais réamh-mheasta mar atá leagtha amach san fhoirm iarratais;
- scríobh chuig an iarratasóir/na hiarratasóirí lena chur in iúl dó/dóibh ar éirigh leis an iarratas agus méid an mhaoinithe deontais a ceadáíodh (féadfar ceadú i bprionsabal a thabhairt i gcás nach leis an iarratasóir/na hiarratasóirí an mhaoín tráth an iarratais – féach C. 10 thíos).

Sula n-íocfar an deontas:

- I gcásanna inar deonaíodh ceadú i bprionsabal, ní mór cruthúnas úinéireachta a sholáthar **sular** féidir an deontas a íoc
- I gcás inarb iomchuí, d'fhéadfadh sé go mbeadh gá le cóip bhailíochtaithe den Deimhniú um Chomhlíonadh ar Chríochnú a sholáthar don údarás áitiúil sula bhféadfar an deontas a íoc (ábhartha i gcás ina gcruthaítear il-aonaid chónaithe san fhoirgneamh céanna);

Tabhair faoi deara, i gcás ina n-úsáidtear “réadmhaoín/réadmhaoine” sa doiciméad, go dtagraíonn sé seo do theaghaisí aonair agus d’iarfhoirgnimh tráchtála/úsáide.

- Éileoidh an t-údarás áitiúil ar an iarratasóir/na hiarratasóirí fianaise a chur isteach, amhail sonrasc/sonraisc/ admhálacha atá mionsonraithe go cuí le haghaidh na n-oibreacha críochnaithe;
- Tabharfaidh an t-údarás áitiúil cuairt deiridh ar an réadmhaoín chun athbhreithniú a dhéanamh agus chun a chinntiú go bhfuil an obair curtha i gcrích de réir an iarratais deontais; Maidir le réadmhaoín atá á cur ar fáil le ligean ar cíós, teastaíonn fianaise gur chláraigh an t-iarratasóir/na hiarratasóirí an tionóntacht/tionóntachtaí leis an mBord um Thionóntachtaí Cónaithe (BTC)
- Soláthróidh an t-údarás áitiúil comhaontú atá le síniú ag iarratasóir/iarratasóirí ina bhfuil an comhaontú aisghlámtha lena n-áirítear muirear ar an réadmhaoín
- éileoidh an t-údarás áitiúil sonraí cuntais bainc an iarratasóra/na n-iarratasóirí maidir leis an áit a bhfuil an deontas le híoc agus imréiteach cánach an iarratasóra/na n-iarratasóirí ó na Coimisinéirí Ioncaim maidir le haon íocaíocht deontais atá á híoc os cionn € 10,000.
- Ní mór imréiteach cánach a sholáthar don údarás áitiúil freisin do gach conraitheoir a rinne oibríochtaí tógála ar luach os cionn €650. Tá sé de fhreagracht ar an iarratasóir a chinntiú go bhfaigheann siad a ndeimhniú imréitigh cánach conraitheoirí sula ndéanann siad aon íocaíocht leo. Mura gcuirtear fianaise ar fáil faoi imréiteach cánach an chonraitheora go léir, d'fhéadfadh sé nach n-íocfar deontas. Féach Ceist Uimh. XX thíos le haghaidh tuilleadh eolais maidir leis an ábhar seo;
- Más rud é gur éirigh leis an iarratasóir/na hiarratasóirí leas a bhaint as lasacht Cheannaigh agus Athchóirithe an Údarais Áitiúil (LAPR) nó as LAPR athchóirithe amháin, ceanglaíonn téarmaí na scéime sin go síníonn an t-iarratasóir/na hiarratasóirí litir Údaraithe d'íocaíocht an Deontais Athchóirithe do Réadmhaoín Fholamh. Dá bhrí sin, déanfar an íocaíocht deontais leis an rannóg den údarás áitiúil a bhainistíonn lasacht Cheannaigh agus Athchóirithe an Údarais Áitiúil
- Nuair a bheidh an t-údarás áitiúil sásta, íocfar an deontas.

8. Cad a nglactar leis mar chruthúnas ar Fholúntas?

Ní mór go mbeadh an réadmhaoín folamh i gcomhair dhá bhliain nó níos mó **nuair a dhéantar an t-iarratas ar dheontas**. Teastaíonn cruthúnas ar fholúntas chun tacú le hiarratais ar dheontas.

Is féidir cruthúnas a sholáthar le billí fónais, mar shampla, a d'fhéadfadh cabhrú le cinneadh a dhéanamh maidir le tréimhsí folúntais (e.g. úsáid leanúnach agus chomhsheasmhach íseal nó nialasach leictreachais nó dícheangal i gcomhair tréimhse dhá bhliain) nó fianaise iomchuí eile amhail mionnscríbhinn faoi mhionn chun sástacht an údarais áitiúil nó cruthúnais eile den sórt sin atá ar fáil. **Ní**

Tabhair faoi deara, i gcás ina n-úsáidtear “réadmhaoín/réadmhaoine” sa doiciméad, go dtagraíonn sé seo do theaghaisí aonair agus d'iarfhoirgnimh tráchtála/úsáide.

mór don údarás áitiúil deimhniú folúntais a bhailíochtú agus a fhíorú sula gceadaítear deontas.

Sa chás gur iarfhoirgneamh tráchtála/úsáide poiblí atá ann is féidir fianaise ar íoc rátaí tráchtála nó faoiseamh/creidmheas rátaí etc. a úsáid mar chruthúnas ar fholúntas freisin.

Tabhair faoi deara nach féidir le hiarratasóirí réadmhaoín a fhágáil folamh go míréasúnta agus d'aon turas chun críche cáiliú don deontas.

9. Cad a nglactar leis mar chruthúnas ar Thréigthe?

Ionas gur féidir a mheas go bhfuil réadmhaoín dearóil (i.e. struchtúr nach bhfuil slán agus contúirteach), ní mór don iarratasóir/do na hiarratasóirí é seo a dheimhniú trí thuarascáil neamhspleách a chur ar fáil a bheidh ullmhaithe ag gairmí cuícháilithe (suirbhéir tógála cláraithe, innealtóir cláraithe nó ailtire cláraithe) in éineacht leis an bhfoirm iarratais. Is féidir a mheas go bhfuil an réadmhaoín / foirgneamh tréigthe freisin má tá sé ar Chlár Láithreán Tréigthe an údaráis áitiúil.

10. An gá dom an réadmhaoín a bheith agam chun leas a bhaint as an deontas seo agus cad iad na cruthúnais úinéireachta inghlactha?

Beidh cruthúnas úinéireachta ag teastáil chun tacú leis an iarratas ar dheontas.

I gcás nach leis an iarratasóir/na hiarratasóirí an réadmhaoín fós, féadfaidh údarás áitiúil ceadú a thabhairt i bprionsabal don iarratas ar dheontas i gcás ina bhfuil an t-iarratasóir/na hiarratasóirí in ann fianaise a sholáthar ar idirbheartaíocht ghníomhach chun réadmhaoín a cheannach i.e. deimhniú rannpháirtíochta ó ghníomhaire eastáit nó úinéir na réadmhaoine agus sa chás go soláthraíonn an t-úinéir cibé fianaise maidir le folúntas a éilítear faoin scéim thar ceann an iarratasóra. **Má tá iarratas á dhéanamh agat ar lasacht Ceannaigh agus Athchóirithe an Údaráis Áitiúil (LAPR), glacfar le fianaise gur éirigh le d'iarratas LAPR i measúnú chéim 1 mar fhianaise ar idirbheartaíocht ghníomhach chun an réadmhaoín a cheannach.**

Ní dheimhneofar ceadú den sórt sin i bprionsabal mar cheadú iomlán go dtí go n-aistreofar úinéireacht chuig an iarratasóir/na hiarratasóirí. Ní féidir aon íostarraingt deontais a dhéanamh go dtí go bhfuil a leithéid d'úinéireacht deimhnithe chun sástachta an údaráis áitiúil.

Tá fianaise ar úinéireacht don íocaíocht deontais, a fhéadfaidh an t-údarás áitiúil ábhartha a chur san áireamh, le fáil sa tábla thíos:

Tabhair faoi deara, i gcás ina n-úsáidtear “réadmhaoín/réadmhaoine” sa doiciméad, go dtagraíonn sé seo do theaghaisí aonair agus d'iarfhoirgnimh tráchtála/úsáide.

Ceanglais úinéireachta maidir le híocaíocht deontais	Samplaí de chruthúnas is féidir a chur ar fáil
Ní mór don úinéir a bheith ina dhuine aonair ar leis/léi an teaghais (i gcomhpháirt nó gan i gcomhpháirt) agus ní mór don údarás áitiúil é féin a shásamh maidir leis an úinéireacht sula gceadaítear an deontas.	- Gníomhas teidil ²nó ionstraim dlí chomhchosúil lena gcruthaítear úinéireacht na réadmhaoine: - Fianaise gur íocadh Cáin Mhaoine Áitiúil (CMÁ): - Fianaise ar Rátaí Tráchtála a íoc: - Fianaise ar fhaoiseamh/creidmheas/coigeartú rátaí tráchtála de bhrí go bhfuil foirgneamh folamh: - Ráiteas morgáiste dar dáta laistigh de 12 mhí anuas.

11. Cad is gá dom a chur isteach má tá cead pleanála ag teastáil chun na hoibreacha athchóirithe ar an réadmhaoín a chur i gcrích?

I gcás inar iomchuí, ní mór don iarratasóir/do na hiarratasóirí fianaise ar chead pleanála don fhorbairt / do na hoibreacha beartaithe nó dearbhú díolúine faoi na hAchtanna Pleanála a chur ar fáil.

D'fhéadfadh forbairt a bhfuil cead pleanála ag teastáil lena haghaidh a bheith i gceist le hathchóiriú réadmhaoine foilmhe a bhfuil sé beartaithe cónaí inti. Nuair is cuí, beidh ar iarratasóir/na hiarratasóirí faoin scéim fianaise a chur ar fáil go bhfuil cead pleanála faighte sula gceadaítear an deontas deiridh. I gcásanna ina dtagann ceist chun cinn maidir le cé acu an dteastaíonn cead pleanála ó forbairt bheartaithe nó an forbairt dhíolmhaithe í, ceanglófar ar iarratasóir/na hiarratasóirí faoin scéim dearbhú díolúine a chur isteach faoi Alt 5, den Acht um Pleanáil agus Forbairt, 2000. D'fhéadfadh an cheist seo teacht chun cinn go háirithe, i gcás athrú úsáide, réadmhaoine a bhí folamh ar feadh tréimhse fhada ama, agus réadmhaoín a bhfuil drochbhail amach agus amach uirthi agus a dteastaíonn oibreacha suntasacha uathu araon.

Féadfaidh údarás áitiúil cead i bprionsabal a thabhairt d'iarratas deontais sa chás go gceanglaítear ar an iarratasóir/ar na hiarratasóirí cead pleanála a fháil don fhorbairt / do na hoibreacha lena mbaineann. Sna himthosca sin, soláthróidh an t-iarratasóir/na hiarratasóirí sonraí maidir leis an iarratas pleanála reatha atá le cur ar fáil i dteannta leis an iarratas deontais. Ní dheimhneofar aon chead deontais i bprionsabal mar chead iomlán go dtí go mbeidh cinneadh deiridh eisithe ag an údarás pleanála maidir leis an iarratas pleanála.

² Is féidir gníomhas teidil a fháil ó Land Direct, Tailte Éireann (www.landdirect.ie)

Má dhéanann tú obair ar réadmhaoin nár cuireadh san áireamh san iarratas ar dheontas agus más gá don údarás áitiúil a dheimhniú dóibh féin go bhfuil/nach bhfuil cead pleanála ag teastáil, d'fhéadfadh go mbeadh ar an iarratasóir iarratas a dhéanamh ar dhearbhu Alt 5 nó ar chead pleanála de réir mar is cuí. Beidh moill ar íocaíocht an deontais mar thoradh air seo. Moltar duit teagmháil a dhéanamh le d'údarás áitiúil má dhéantar aon oibreacha breise/scartáil/síneadh etc. ar an réadmhaoin tar éis ceadú deontais a eisiúint.

12. Cé mhéad iarratas ar an Deontas Athchóirithe do Réadmhaoin Fholamh is féidir le duine aonair a dhéanamh?

Féadfaidh an t-iarratasóir iarratais a dhéanamh ar theaghaisí aonair maidir le réadmhaoin amháin a chuirfear ar fáil ar cíós, chomh maith le deontas amháin do réadmhaoin ar leithligh a bheidh ina príomháit chónaithe phríobháideach ag an iarratasóir i.e. beidh uasmhéid de dhá iarratas ar dheontas ar fáil in aghaidh an iarrataisóra.

Ní íocfar ach deontas amháin i leith réadmhaoin fholamh atá á hathchóiriú le ligean ar cíós mar áit chónaithe aonair.

Níl aon uasteorainn luaite le líon na ndeontas ar féidir le duine aonair iarratas a dhéanamh orthu nuair a bhíonn iarratas á dhéanamh ar an Deontas chun foirgneamh tráchtála/úsáide poiblí iomlán a athoiriúnú go dtí dhá aonad nó níos mó, ach níl ach deontas amháin, lena n-áirítear méideanna breisithe, iníoctha do gach foirgneamh.

13. An féidir liom bogadh isteach sa réadmhaoin nuair a chuirim iarratas faoi bhráid an údaráis áitiúil?

Nuair a chuirfear cruthúnas ar fholúntais isteach le d'iarratas ar dheontas agus nuair a bheidh an t-údarás áitiúil in ann é sin a bhailíochtú agus a fhíorú chun a sástachta, agus nuair a dheimhnítear é seo is féidir leat bogadh isteach sa réadmhaoin. Nóta - ní mór don réadmhaoin a bheith folamh ar feadh 2 bhliain roimh dháta an iarratais.

14. Tá sé i gceist agam iarratas a dhéanamh ar an deontas chun réadmhaoin a chur ar fáil ar cíós – cad iad na caighdeáin a chaithfidh an réadmhaoin a chomhlíonadh?

Maidir le réadmhaoin ar cíós, ceanglaítear ar gach tiarna talún de réir an dlí cloí leis na caighdeáin maidir le tithíocht ar cíós agus a chinntiú go bhfuil a gcuid réadmhaoin ag cloí go hiomlán le rialacháin um shábháilteacht ó dhóiteán agus íoschaighdeáin maidir le réadmhaoin ar cíós. Féach ar

Tabhair faoi deara, i gcás ina n-úsáidtear “réadmhaoin/réadmhaoiné” sa doiciméad, go dtagraíonn sé seo do theaghaisí aonair agus d'iarfhoirgnimh tráchtála/úsáide.

www.irishstatutebook.ie/eli/2019/si/137/made/en/print. Mar chuid den dearbhú atá le síniú san fhoirm iarratais, ní mór do gach iarratasóir aontú go gcloítear leis na caighdeáin sin agus go gcomhlíontar iad.

15. An féidir liom mo réadmhaoín a ligean ar cíós / na haonaid a cruthaíodh i m'fhoirgneamh le haghaidh Airbnb nó lóistíní ar chíós gearrthéarmach / saoire?

Is coinníoll den deontas le haghaidh réadmhaoine ar cíós / aonaid chíosa is ea go gcaithfear tionóntacht /tionóntachtaí a chlárú leis an mBord um Thionóntachtaí Cónaithe, sula n-íoctar an Deontas agus ar feadh na 10 mbliana den tréimhse aisghlámtha tar éis íoc an Deontais.

Sula n-íocfar an deontas, beidh fianaise ag teastáil ón údarás áitiúil go bhfuil tionóntacht cláraithe leis an BTC. Déanfaidh an t-údarás áitiúil a íocann an deontas seiceálacha lena chinntiú go leanfar den réadmhaoín / na haonaid a úsáid chun na críche sin thar an tréimhse aisghlámtha 10 mbliana. I gcás nach gcomhlíontar coinníollacha an deontais, beidh an deontas inaisíoctha de réir na bhforálacha aisghlámtha.

16. Is mian liom réadmhaoín fholamh atá suite ar oileán a athchóiriú – an bhfuil aon tacaíocht bhreise ar fáil dom?

Ó 1 Iúil 2023 i leith, tá tacaíocht bhreise ar fáil faoin Deontais Athchóirithe do Réadmhaoín Fholamh chun tacú le hathchóiriú réadmhaoine folmha agus tréigthe atá suite ar na hoileáin chun cabhrú leo a thabhairt ar ais in úsáid. Tá liosta iomlán de na hoileáin cháilitheacha a bhfuil an maoiniú breise seo ar fáil dóibh le fáil ag an nasc seo a leanas: <https://www.gov.ie/en/publication/31da3-populated-off-shore-islands/>

Tá uasráta an Deontais Athchóirithe do Réadmhaoín Fholamh iníoctha 20% níos airde do réadmhaoín fholamh agus dhearóil incháilithe ar oileáin cháilitheacha. Ciallaíonn sé sin go bhfuil na huasrátaí deontais chun réadmhaoín ar oileáin a athchóiriú cothrom le suas le €60,000 chun réadmhaoín fholamh a athchóiriú agus suas le

€84,000 sa chás go ndeimhnítear go bhfuil an réadmhaoín dearóil. Méadaítear na teorainneacha costais uasta do chatagóirí oibreacha aonair 20% freisin. Ní féidir réadmhaoín /aona(i)d/ chónaithe a cruthaíodh nó a athchóiriú a úsáid le haghaidh lóistíní Airbnb nó lóistíní ar chíós gearrthéarmach / saoire.

17. An féidir liom iarratas a dhéanamh ar an deontas má tá sé i gceist agam foirgneamh tráchtála /úsáide

Tabhair faoi deara, i gcás ina n-úsáidtear “réadmhaoín/réadmhaoine” sa doiciméad, go dtagraíonn sé seo do theaghaisí aonair agus d'iarfhoirgnimh tráchtála/úsáide.

poiblí folamh a thiontú ina theach cónaithe aonair?

Is féidir, sa chás go bhfuil an foirgneamh ar fad á thiontú ina aonad cónaithe amháin, a bheidh mar do phríomháit chónaithe phríobháideach nó a chuirfear ar fáil ar cíós, féadfaidh tú suas le €50,000 nó suas le €70,000 a fháil sa chás go ndeimhnítear go bhfuil an réadmhaoin tréigthe (sa chás go gcomhlíontar coinníollacha scéime eile). Is é an teideal atá ar an iarratas atá le comhlánú sa chás seo ná - An Deontas Athchóirithe do Réadmhaoin Fholamh. D'fhéadfadh díolúintí pleanála a bheith ar fáil agus úsáid réadmhaoin a thiontú ó thráchtáil go cónaitheach. Féach ar <https://www.gov.ie/en/publication/f3a0e-notifications-received-by-local-authorities-under-planning-permission-exemptions-for-converting-certain-vacant-commercial-property-into-homes/>

Sa chás go bhfuil dhá aonad cónaithe nó níos mó á gcruthú laistigh d'iarfhoirgneamh tráchtála nó úsáide poiblí atá ann cheana féin, tá Deontas Athchóirithe do Réadmhaoin Fholamh amháin ar fáil, sa chás go gcomhlíontar coinníollacha scéime, le méideanna breisiú breise. (Tá deontas amháin ar fáil don fhoirgneamh ar fad). Le haghaidh tuilleadh eolais, féach an chuid faoi athrú iar-fhoirgnimh tráchtála/úsáide poiblí ina bhfuil dhá aonad nó níos mó á gcruthú ag Ceist 45.

18. An gá dom bheith i mo chónaí sa réadmhaoin?

Ní gá, ní ceanglas é de chuid an Deontas Athchóirithe do Réadmhaoin Fholamh go bhfuil cónaí ort sa réadmhaoin. Is féidir an réadmhaoin a úsáid mar do phríomháit chónaithe phríobháideach nó a chur ar fáil ar cíós. Ceanglaítear ar iarratasóirí úsáid bheartaithe na n-aonad cónaithe atá á gcruthú a lua ar an bhfoirm iarratais. Ceanglaítear ar iarratasóirí eolas a roinnt leis an údarás áitiúil maidir le haon athrú ar thionacht aonad ar ceadaíodh oibreacha lena n-aghaidh.

Tá coinníoll aisghlámtha ceangailte leis an íocaíocht deontais i gcomhair tréimhse 10 mbliana ó dháta íocaíochta an deontais.

Sa chás go bhfuil an t-iarratasóir/na hiarratasóirí chun an réadmhaoin a úsáid mar phríomháit chónaithe phríobháideach, ní mór dearbhú (ar an bhfoirm iarratais) a sholáthar don údarás áitiúil go bhfuil sé beartaithe ag an duine aonair/na daoine aonair cónaí sa teaghais nuair a chríochnófar na hoibreacha cáilitheacha sa teaghais. Beidh coinníollacha aisghlámtha i bhfeidhm sa chás go scoireann an t-iarratasóir/na hiarratasóirí de bheith ina chónaí/gcónaí san áit chónaithe mar phríomháit chónaithe phríobháideach. Féadfaidh an t-údarás áitiúil fianaise a lorg freisin chun iad féin a shásamh le linn na tréimhse aisghlámtha go bhfuil an réadmhaoin á húsáid mar phríomháit chónaithe phríobháideach agus ní mór d'fhaighteoirí deontas an rud céanna a sholáthar don údarás áitiúil ach é a iarraidh.

Sa chás go bhfuil an t-iarratasóir/na hiarratasóirí chun an áit chónaithe a chur ar fáil ar cíós, ní mór an

Tabhair faoi deara, i gcás ina n-úsáidtear "réadmhaoin/réadmhaoin" sa doiciméad, go dtagraíonn sé seo do theaghaisí aonair agus d'iarfhoirgnimh tráchtála/úsáide.

dearbhu ar an bhfoirm iarrtais) achur ar fáil don údarás áitiúil go gcuirfear an réadmhaoín ar fáil ar cíós ar chríochnú na n-oibreacha cáilitheacha don teaghais agus go gclárófar tionóntacht/tionóntachtaí leis an mBord um Thionóntachtaí Cónaithe (BTC). Ní mór fianaise ar chlárú na tionóntachta leis an BTC a chur ar fáil chun sástacht an údaráis áitiúil sula n-íocfar an deontas. Beidh coinníollacha aisghlámtha i bhfeidhm mura mbeidh an réadmhaoín ar fáil ar cíós a thuilleadh laistigh de dheich mbliana. Lorgóidh an t-údarás áitiúil fianaise chun iad féin a shásamh le linn na tréimhse aisghlámtha go bhfuil an teaghais/na teaghaisí á gcur ar fáil ar cíós leis an tionóntacht/tionóntachtaí atá cláraithe leis an mBord um Thionóntachtaí Cónaithe. Ní mór d'fhaighteoirí deontais an rud céanna a chur ar fáil don údarás áitiúil ar iarratas.

19. An bhfuil an deontas ar fáil d'fhorbróirí nó d'iarratasóirí ar mian leo a gcuid maoine a athchóiriú agus iad a ligean ar cíós?

Tá an deontas ar fáil do dhaoine aonair (lena n-áirítear trádálaithe aonair) nó do theaghlaigh a mbeidh an réadmhaoín mar phríomháit chónaithe phríobháideach acu nó d'iarratasóirí a chuirfidh an réadmhaoín ar fáil le ligean ar cíós ar an margadh príobháideach. Níl sé ar fáil do chuideachtaí cláraithe, d'fhorbróirí, do ghnóthais etc. Ní féidir ach le duine(daoine) ainmnithe ar leo an réadmhaoín a bhfuil iarratas á dhéanamh ar an deontas ina leith nó atá ag gabháil go gníomhach do cheannach na maoine iarratais a dhéanamh. Ní fhéadfaidh iarratasóirí ach sochar a bhaint as suas le dhá dheontas agus cinnteoidh údaráis áitiúla rianú agus seiceáil leordhóthanach ina leith sin.

20. Céard is Príomháit Chónaithe Phríobháideach ann?

Is éard is Príomháit Chónaithe Phríobháideach (PCP) ann ná réadmhaoín atá faoi úinéireacht agat agus a bhfuil tú i do chónaí ann i gcónaí nó a mbíonn tú i do chónaí ann an chuid is mó den am.

21. Níl bhím i mo chónaí de ghnáth i bPoblacht na hÉireann ach tá sé beartaithe agam réadmhaoín fholamh a cheannach agus cónaí anseo go buan, an féidir liom iarratas a dhéanamh ar an deontas?

Is féidir, má tá tú ag gabháil go gníomhach do fhoirgnimh réadmhaoine a cheannach atá folamh le 2 bhliain anuas agus a tógadh roimh 2008, féadfaidh tú iarratas a dhéanamh ar an deontas. Ní mór duit fós cruthúnas rannpháirtíochta gníomhaí chun an réadmhaoín/an fhoirgnimh áirithe a cheannach agus cruthúnas go bhfuil an réadmhaoín folamh a chur ar fáil. Beidh ar an réadmhaoín, áfach, a bheith mar do phríomháit chónaithe phríobháideach nó a bheith ar fáil ar cíós le tionóntacht/tionóntachtaí atá cláraithe leis an mBord um Thionóntachtaí Cónaithe. Níl an Deontas ar fáil d'infheisteoirí, d'fhorbróirí, ná do ghnóthais etc.

Tabhair faoi deara, i gcás ina n-úsáidtear "réadmhaoín/réadmhaoine" sa doiciméad, go dtagraíonn sé seo do theaghaisí aonair agus d'iarfhoirgnimh tráchtála/úsáide.

22. Cad iad na cineálacha oibre a chumhdaítear faoin deontas?

Tugann an scéim Deontas Athchóirithe do Réadmhaoin Fholamh (leathanach 11) agus an fhoirm iarratais sonraí maidir leis na catagóirí oibreacha atá incháilithe do chúnamh deontais, faoi réir measúnú costais réasúnta ag an údarás áitiúil agus faoi réir na dteorainneacha le haghaidh oibreacha ar leith mar atá leagtha amach. Ní mór na hoibreacha a cheadú roimh ré, tar éis don údarás áitiúil iniúchadh a dhéanamh ar an réadmhaoin.

23. Cad a tharlaíonn má sháraíonn costas na n-oibreacha méid an deontais?

Tá deontas mar atá ceadaithe le haghaidh teaghais aonair suas le huasmhéid €50,000 nó €70,000 i gcás réadmhaoine tréigthe deimhnithe atá cáilithe don scéim seo. Sa chás go bhfuil iarfhoirgneamh tráchtála/úsáide poiblí á thiontú ina dhá aonad cónaithe nó níos mó, is féidir breisithe suas le €40,000 (ag brath ar líon na n-aonad atá á gcruthú) a fháil ar an uasmhéid deontais. Is faoin iarratasóir/na hiarratasóirí atá aon chostas breise atá níos mó ná méid an deontais. Ní mór duit a chur in iúl ar an bhfoirm iarratais cé acu is féidir nó nach féidir leat íoc as aon chostas breise nach bhfuil clúdaithe ag an deontas.

24. An féidir liom féin na hoibreacha athchóirithe a dhéanamh?

Is féidir. Chun é sin a dhéanamh, ní mór duit meastachán a sholáthar ar chostais a ndéanann foireann theicniúil an údarais áitiúil measúnú orthu ansin sula ndéanann tú cinneadh maidir le d'iarratas agus faoi réir iniúchadh deiridh ar an láithreán ag an údarás áitiúil. Ní chlúdófar costais saothair sa chás go bhfuil tú i mbun na n-oibreacha tú féin, ach costais na n-ábhar. Ní mór na hoibreacha a bheith i gcomhréir leis na ceanglais reachtúla agus rialála go léir.

Tabhair faoi deara - Sa chás go bhfuil iarfhoirgneamh tráchtála /úsáide poiblí á thiontú ina dhá aonad cónaithe nó níos mó - b'fhéidir go mbeidh seirbhísí deimhnithe sannta ag teastáil uait freisin chun a dheimhniú go gcomhlíonann na hoibreacha atá críochnaithe na rialacháin foirgníochta.

25. An féidir tús a chur le hoibreacha eile ar an réadmhaoin fholamh nach bhfuil éileamh á dhéanamh ina leith sa deontas?

Is féidir, mar nach bhfuil aon bhaint ag na hoibreacha eile atá idir lámha leis an rud a bhfuil iarratas á dhéanamh agat ina leith. Seo rud a sheiceálfaidh an t-údarás áitiúil ar a gcéad chuairt theicniúil go dtí do réadmhaoin agus le linn na cuairte deiridh tar éis don obair a bheith críochnaithe. Ní féidir iarratas a dhéanamh faoin deontas ach ar oibreacha nach bhfuil tosaithe fós.

Tabhair faoi deara, i gcás ina n-úsáidtear "réadmhaoin/réadmhaoine" sa doiciméad, go dtagraíonn sé seo do theaghaisí aonair agus d'iarfhoirgnimh tráchtála/úsáide.

26. Cad a tharlaíonn nuair a cheadaítear m'iaratas ar dheontas?

Eiseofar litir cheadaithe d'iaratasóirí a n-éiríonn leo agus áireofar inti méid an deontais fhaofa. Tugtar faomhadh ó dháta eisiúna na litreach agus beidh sé bailí ar feadh tréimhse 18 mhí. Ní mór d'iaratasóirí an litir a shíniú agus a sheoladh ar ais chun a dheimhniú go dtuigeann siad na téarmaí agus na coinníollacha a bhaineann leis an deontas. Ní mór an doiciméad muirir dá dtagraítear thíos (C.30) a shíniú agus a sheoladh ar ais chuig an údarás áitiúil, tar éis na hoibreacha a ndearnadh iaratas orthu a chríochnú, agus sula n-eisítear an íocaíocht deontais. Is í an fhoirm iarratais shínithe, an litir cheada shínithe agus an doiciméad táille sínithe, an comhaontú idir an t-iaratasóir/na hiarratasóirí agus an t-údarás áitiúil.

27. Cathain is féidir liom tús a chur leis na hoibreacha faofa ar an réadmhaoín cháilithe?

Is féidir tús a chur le hoibreacha ar an réadmhaoín/foirgneamh chomh luath is atá litir cheadaithe/cheadaithe i bprionsabal faighte agat ón údarás áitiúil.

28. An bhfuil teorainn ama ann ón uair a bheidh an t-iaratas cheadaithe go dtí go mbeidh na hoibreacha beartaithe críochnaithe go hiomlán?

Tá tréimhse 18 mhí ag iaratasóirí, ó dháta na litreach cheadaithe, chun na hoibreacha cheadaithe ar an réadmhaoín cháilithe a chur i gcrích.³

29. Cad a tharlóidh má dhíolaim mo theach (a chiallaíonn teaghais aonair)?

Éilítear go mbeidh an t-iaratasóir/na hiarratasóirí ina gcónaí sa réadmhaoín nó go mbeidh an réadmhaoín cháilithe ar cíós acu ar feadh tréimhse cúig bliana ar a laghad ó dháta íoctha an deontais. Má dhíolann tú an réadmhaoín ag am ar bith, nó má scoireann sé de bheith i do phríomháit chónaithe phríobháideach, nó mura bhfuil an réadmhaoín á ligean ar cíós a thuilleadh, le tionóntacht / tionóntachtaí cláraithe leis an mBord um Thionóntachtaí Cónaithe, laistigh de dheich mbliana, ní mór duit gné de luach iomlán an Deontais a aisíoc leis an údarás áitiúil, mar seo a leanas:

Suas le 5 bliana	Os cionn 5 bliana agus níos lú ná nó cothrom le 10 mbliana	Os cionn 10 mbliana
100% de mhéid airgeadaíochta an deontais	75% de mhéid airgeadaíochta an deontais	Níl aon Aisghlámadh

Sa chás go dtagann titim ar luach na réadmhaoine, beidh an tsuim iomlán airgeadaíochta, faoi réir an

³ I gcúinsí eisceachtúla, dá rogha féin, féadfaidh an t-údarás áitiúil síneadh leis an tréimhse cheadaithe 18 mí a dheonú. Tabhair faoi deara, i gcás ina n-úsáidtear “réadmhaoín/réadmhaoine” sa doiciméad, go dtagraíonn sé seo do theaghaisí aonair agus d'iarfhoirgnimh tráchtála/úsáide.

chéatadáin aisghlámtha thuas, fós inaisíoctha leis an údarás áitiúil.

Tá feidhm ag tairseacha éagsúla aisghlámtha maidir le hathrú iarfhoirgnimh tráchtála/úsáide poiblí ina gcruthaítear dhá aonad nó níos mó. Féach ar **Cheist Uimhir 58**.

Ní mór comhaontú (ina gcuimsítear an fhoirm iarratais shínithe, an litir cheada shínithe agus an doiciméad táille sínithe) a thabhairt chun críche idir an t-údarás áitiúil agus an t-iarratasóir ina bhfuil an comhaontú aisghlámtha, lena n-áirítear táille ar an réadmhaoin, a bheidh ina cheangal ar an iarratasóir/ar na hiarratasóirí nuair a tharlaíonn íostarraingt.

30. Cad is muirear dlíthiúil ann, agus conas a oibríonn sé?

Ní bhaineann aon aistriú úinéireachta le muirear ach tugann sé cearta ar an réadmhaoin mar urrús. Chun leas an údarais áitiúil a chinntiú, agus chun sláine na scéime a chinntiú, cuirfear muirear i gcoinne na réadmhaoine mar urrús. Sa chás go bhfuil morgáiste ag an iarratasóir/na hiarratasóirí, is ionann é i gcónaí agus an chéad mhuirear nó ar an muirear tosaíochta ar an réadmhaoin.

Sula n-íocfar an deontas leis an iarratasóir/na hiarratasóirí, nuair a bheidh na hoibreacha comhlánaithe agus seiceáilte ag an údarás áitiúil, síneoidh an t-iarratasóir/na hiarratasóirí doiciméad muirir. Cuirfidh an t-údarás áitiúil an muirear ar réadmhaoin an iarratasóra ansin. Beidh an táille cothrom le méid an deontais a íocadh. Beidh an táille i bhfeidhm ar feadh 10 mbliana.

31. An féidir liom na doiciméid mhuirir a shíniú gan comhairle ghairmiúil a fháil?

Chun a chinntiú go gcuirtear iarratasóirí ar an eolas go hiomlán faoi impleachtaí an mhuirir atá á chur ar an réadmhaoin, moltar agus dea-chleachtas go bhfostódh iarratasóir/iarratasóirí seirbhísí gairmí neamhspleách atá cáilithe go cuí chun comhairle a thabhairt faoi impleachtaí an mhuirir atá á chur ar an réadmhaoin.

Ós rud é gur páipéir dhlíthiúla iad na doiciméid mhuirir, ní mór don iarratasóir/na hiarratasóirí iad a shíniú agus gairmí atá cáilithe go cuí a bheith mar fhinné orthu.

32. Conas a chlárófar an muirear?

Cláróidh an t-údarás áitiúil an muirear in Landdirect, Tailte Éireann nó i gClárlann na nGníomhas⁴(CGanna) de réir mar is cuí, tar éis don iarratasóir é a shíniú, sula dtarraingeofar anuas an deontas. Dá mba rud é go dtéann an t-iarratasóir/na hiarratasóirí i muinín morgáiste chun an réadmhaoin a cheannach, tabharfar tús áite do mhuirear an bhainc. Má dhíoltar an réadmhaoin,

⁴ Tugtar "gníomhas" ar an muirear sa chomhthéacs seo. Ní mór a thabhairt faoi deara go bhfuil difríocht idir an próiseas chun morgáiste a chlárú ar thalamh maidir le talamh cláraithe agus neamhchláraithe.

Tabhair faoi deara, i gcás ina n-úsáidtear "réadmhaoin/réadmhaoine" sa doiciméad, go dtagraíonn sé seo do theaghaisí aonair agus d'iarfhoirgnimh tráchtála/úsáide.

gheobhaidh an banc, mar an chéad sealbhóir muirir, fáltais an díola ar an gcéad dul síos.

Gheobhaidh an t-údarás áitiúil, mar shealbhóir muirir ina dhiaidh sin, aon airgead a bheidh dlite ó na fáltais a bheidh fágtha.

33. Fuair mé réadmhaoin le hoidhreacht agus níl morgáiste agam. An dtabharfar tús áite do mhuirear an údaráis áitiúil?

Mura bhfuil morgáiste nó muirear eile i gcoinne na réadmhaoine, tabharfar tús áite do mhuirear an údaráis áitiúil.

34. An dteastaíonn mo thoiliú ón údarás áitiúil chun a mhuirear a chlárú?

Teastaíonn, éilíonn an t-údarás áitiúil toiliú an iarratasóra/na hiarratasóirí chun muirear a chur i gcoinne na réadmhaoine. Ní mór doiciméad muirir a thabhairt chun críche idir an t-údarás áitiúil agus an t-iarratasóir/na hiarratasóirí sula dtarraingítear anuas na cistí. Tá sé seo luaite san fhoirm iarratais atá sínithe ag an iarratasóir/na hiarratasóirí.

35. An gá dom toiliú m'iasachtóra morgáiste a fháil chun an muirear ar mo réadmhaoin a chlárú?

Síníodh comhaontú tosaíochta leis na príomhbhainc iasachtaithe (AIB agus a fhochuideachtaí, EBS agus Haven, Banc na hÉireann, Airgeadas Éireann, AvantCard, Dilosk agus Permanent TSB). Dá bhrí sin, ní theastaíonn toiliú aonair ó na bainc sin d'iarratasóirí a bhfuil morgáiste acu le haon cheann de na hinstitiúidí airgeadais thuasluaite.

Beidh toiliú ag teastáil ó d'iasachtóir má tá morgáiste agat le hinstitiúid airgeadais nach bhfuil liostaithe thuas. Moltar duit **teagmháil** a dhéanamh le d'iasachtóir go luath sa phróiseas lena chinntiú go bhfuil siad sásta muirear a chur ar an réadmhaoin. Beidh an muirear don deontas rangaithe sa 2^ú háit i gcónaí i dtosaíocht ar an morgáiste ar an réadmhaoin.

36. Cén chéim den phróiseas a thaisceann an t-údarás áitiúil an muirear i Land Direct, Tailte Éireann nó Clárlann na nGníomhas?

Ní íocfar an deontas go dtí go gclárófar úinéireacht. Má tá teideal iomlán ag an iarratasóir/na hiarratasóirí ar an réadmhaoin, cuirfear an doiciméad muirir a chur faoi bhráid Landdirect, Tailte Éireann nó Clárlann na nGníomhas i gcomhthráth le heisiúint an deontais. Ní mór don iarratasóir/na hiarratasóirí agus don údarás áitiúil an Doiciméad Muirir a shíniú i láthair finné.

37. Cé a thaisceann na doiciméid mhuirir i Land Direct, Tailte Éireann nó Clárlann na nGníomhas?

Tabhair faoi deara, i gcás ina n-úsáidtear "réadmhaoin/réadmhaoine" sa doiciméad, go dtagraíonn sé seo do theaghaisí aonair agus d'iarfhoirgnimh tráchtála/úsáide.

Déanfaidh an t-údarás áitiúil na doiciméid riachtanacha a thaisceadh leis an gcomhlacht ábhartha.

38. Cad iad na táillí chun muirear a chlárú?

Is é €175 an táille chun muirear a chlárú i Land Direct, Tailte Éireann.

39. An gcaithfidh mé costas an mhuirir a chur ar mo réadmhaoín a chlúdach?

Ní chaithfidh, clúdóidh an t-údarás áitiúil costas a bhaineann le clárú an mhuirir de €175. Mar sin féin, tá iarratasóirí freagrach as costas a gcomhairle neamhspleách féin a chlúdach.

40. Cathain a íocfar mo dheontas?

Íocfaidh an t-údarás áitiúil an deontas nuair a bheidh na doiciméid riachtanacha go léir amhail sonraisc d'oibreacha curtha i gcrích, fianaise ar **chead pleanála**, fianaise ar thionóntacht/tionóntachtaí atá cláraithe leis an mBord um Thionóntachtaí Cónaithe (más infheidhme) agus iniúchadh deiridh ar an réadmhaoín/aonad/na haonaid chónaithe a cruthaíodh san fhoirgneamh déanta chun a chinntiú go bhfuil na hoibreacha atá ceadaithe faoin deontas curtha i gcrích.

Ceanglaítear ar an údarás áitiúil agus ar na hiarratasóirí deontais araon na doiciméid mhuirir dhlíthiúla a shíniú freisin.

Ceanglaítear ar iarratasóirí freisin a sonraí bainc, agus fianaise ar imréiteach cánach a chur isteach **díobh féin** agus do na conraitheoirí a rinne oibreacha ar an bhfoirgneamh.

Ceanglaítear sonraisc agus/nó admhálacha (más rud é go bhfuil éileamh á dhéanamh ar ábhair amháin) a chur isteach freisin ionas gur féidir leis an údarás áitiúil a fhíorú. Moltar oibreacha/ábhair a bhaineann leis an deontas ceadaithe a shainaithint agus aibhsiú don údarás áitiúil d'fhonn dlús a chur leis an bpróiseas seiceála agus fíoraithe.

41. Cén fáth a gcaithfidh mé imréiteach cánach a chur isteach dom féin agus do mo chonraitheoir(í) araon?

Is ceanglas de chuid na gCoimisinéirí Ioncaim é sin chun deontais a íoc ag comhlachtaí poiblí. Is ar an iarratasóir atá an fhreagracht as imréiteach cánach a fháil agus a sheiceáil do chonraitheoirí atá fostaithe chun oibreacha ceadaithe deontais a dhéanamh.

Moltar d'iarratasóirí, sula n-íocann siad conraitheoir as oibríochtaí tógála a dhéantar, deimhniú imréitigh cánach an chonraitheora a lorg sula ndéanann siad íocaíocht.

Beidh fianaise ar imréiteach cánach an chonraitheora/na gconraitheora ag teastáil ón údarás áitiúil maidir le gach íocaíocht a eisítear chuig conraitheoir/conraitheoirí de €650 agus os a chionn sula n-eiseofar íocaíocht deontais. Mura bhfuil imréiteach cánach á lorg ag an iarratasóir dá chonraitheoirí nó mura bhfuil an t-iarratasóir in ann a n-imréiteach cánach féin a thabhairt ar aird, beidh deontas gan íoc Tabhair faoi deara, i gcás ina n-úsáidtear "réadmhaoín/réadmhaoine" sa doiciméad, go dtagraíonn sé seo do theaghaisí aonair agus d'iarfhoirgnimh tráchtála/úsáide.

nó moill ar íocaíocht mar thoradh air sin.

Tá tuilleadh eolais maidir leis an gceanglas seo le fáil anseo: <https://www.revenue.ie/en/starting-a-business/tax-clearance/when-is-a-tax-clearance-certificate-required/to-apply-for-certain-grants-and-public-sector-contracts.aspx>

Tá sainmhíniú ar Oibríochtaí Tógála le fáil in Aguisín 2 d'Imlitir na Roinne Airgeadais. <https://circulars.gov.ie/pdf/circular/finance/2006/44.pdf>

Teastaíonn imréiteach cánach ó na Coimisinéirí Ioncaim freisin d'fhaighteoirí deontais le haghaidh aon íocaíocht deontais a íoctar os cionn €10,000.

42. An féidir liom achomharc a dhéanamh mura n-éiríonn le m'iaratas ar an deontas?

Is féidir, mura n-éiríonn le d'iaratas, is féidir leat an fhoirm achomhairc teimpléid a íoslódáil ó shuíomh gréasáin d'údaráis áitiúil. Ní mór duit scríobh laistigh de thrí seachtaine ó dháta an chinnidh bhunaidh, agus a mhíniú go soiléir cén fáth a bhfuil achomharc á dhéanamh agat. Déanfaidh oifigeach de chuid an údaráis áitiúil nach raibh baint aige/aici leis an measúnú bunaidh an t-achomharc seo a mheas agus déanfaidh sé/sí teagmháil leat leis an toradh. D'fhéadfadh suas le sé seachtaine a bheith i gceist leis an bpróiseas seo.

43. Tá iaratas déanta agam ar lasacht Ceannaigh agus Athchóirithe an Údaráis Áitiúil (LAPR) chun maoin fholamh a cheannach agus a athchóiriú do mo phríomháit chónaithe phríobháideach, conas a dhéanfaidh mé iaratas ar an Deontas Athchóirithe do Réadmhaoin Fholamh?

Sula ndéanann tú iaratas ar an Deontas Athchóirithe do Réadmhaoin Fholamh, ní mór duit measúnú chéim 1 don lasacht Ceannaigh agus Athchóirithe an Údaráis Áitiúil (LAPR) a bheith rite agat. Nuair a bheidh measúnú chéim 1 rite agat, ba cheart duit d'fhoirm iarratais ar an Deontas Athchóirithe do Réadmhaoin Fholamh a chur isteach chuig d'údarás áitiúil.

Ní mór duit na doiciméid tacaíochta riachtanacha go léir a chur san áireamh mar atá leagtha amach san fhoirm iarratais ar dheontas, lena n-áirítear deimhniú gur éirigh le d'iaratas LAPR i measúnú chéim 1 d'lasacht Ceannaigh agus Athchóirithe an Údaráis Áitiúil. Cuirfidh an rannóg san údarás áitiúil a bhainistíonn lasacht Ceannaigh agus Athchóirithe an Údaráis Áitiúil an deimhniú sin ar fáil duit.

44. An féidir liom iaratas a dhéanamh ar an Deontas Athchóirithe do Réadmhaoin Fholamh agus ar an iasacht athchóirithe amháin faoi lasacht Ceannaigh agus Athchóirithe an Údaráis Áitiúil (LAPR) má tá maoin fholamh agam cheana féin a bhfuil sé ar intinn agam í a athchóiriú agus cónaí inti mar mo phríomháit chónaithe phríobháideach?

Is féidir. Is féidir le hiarratasóirí a bhfuil maoin fholamh acu cheana féin iaratas a dhéanamh ar an

Tabhair faoi deara, i gcás ina n-úsáidtear "réadmhaoin/réadmhaoiné" sa doiciméad, go dtagraíonn sé seo do theaghaisí aonair agus d'iarfhoirgnimh tráchtála/úsáide.

Deontas Athchóirithe do Réadmhaoin Fholamh agus ar LAPR athchóirithe amháin, faoi réir coinníollacha a bheith comhlíonta don dá scéim. Ní mór d'iarratasóirí a chur in iúl go ndearna siad iarratas/go bhfuil sé ar intinn acu iarratas a dhéanamh ar LAPR athchóirithe amháin ar a bhfoirm iarratais ar Dheontas Athchóirithe do Réadmhaoin Fholamh. Tabhair faoi deara, le do thoil, go bhféadfar tuilleadh faisnéise a lorg ó d'údarás áitiúil.

45. Ceadaíodh mé d'lasacht Ceannaigh agus Athchóirithe an Údaráis Áitiúil nó do LAPR athchóirithe amháin agus don Deontas Athchóirithe do Réadmhaoin Fholamh, cé leis a n-íocfar an deontas nuair a bheidh na hoibreacha curtha i gcrích ar an réadmhaoin?

Déanfar an íocaíocht deontais iníoctha leis an rannóg den údarás áitiúil a bhainistíonn lasacht Cheannaigh agus Athchóirithe an Údaráis Áitiúil.

Mar chuid de d'iarratas ar lasacht Cheannaigh agus Athchóirithe an Údaráis Áitiúil, beidh ort litir ón Údarás Íocaíochta um Dheontas Athchóirithe do Réadmhaoin Fholamh a shíniú a dheimhníonn go n-údaraíonn tú don údarás áitiúil fálaís iomlána an deontais a íoc leis an rannóg san údarás áitiúil a bhainistíonn an lasacht Cheannaigh agus Athchóirithe an Údaráis Áitiúil.

46. Tá tuilleadh ceisteanna agam ar lasacht Ceannaigh agus Athchóirithe an Údaráis Áitiúil (LAPR), cá bhfaighidh mé tuilleadh eolais?

Féach <https://purchaseandrenovationloan.ie/> le haghaidh tuilleadh eolais, lena n-áirítear ceisteanna coitianta ar lasacht Ceannaigh agus Athchóirithe na nÚdarás Áitiúil.

47. Tá níos mó ceisteanna agam faoin Deontas Athchóirithe do Réadmhaoin Fholamh, cé air gur féidir liom ceist a chur?

Má tá aon cheist agat, déan teagmháil le hOifigeach na dTithe Folmha i d'údarás áitiúil. Chun liosta a fháil de gach Oifigeach Tithe Folamh i ngach údarás áitiúil agus a sonraí teagmhála a fháil, féach ar an eolas [anseo](#).

Ceisteanna a bhaineann go sonrach le hathrú foirgneamh tráchtála / úsáide poiblí ina bhfuil dhá aonad cónaithe nó níos mó á gcruthú.

48. Is úinéir iar-fhoirgneamh tráchtála / úsáide poiblí mé agus tá sé beartaithe agam é a thiontú ina

Tabhair faoi deara, i gcás ina n-úsáidtear "réadmhaoin/réadmhaoiné" sa doiciméad, go dtagraíonn sé seo do theaghaisí aonair agus d'iarfhoirgnimh tráchtála/úsáide.

iomláine ina dhá aonad cónaithe nó níos mó. Cé mhéad tacaíochta deontais atá ar fáil dom?

Tá tacaíocht bhreise ar fáil maidir leis na huasleibhéil deontais thuasluaite i gcásanna ina bhfuil dhá aonad cónaithe nó níos mó á gcruthú in iarfhoirgneamh tráchtála/úsáide poiblí. Tá breisiú ar leibhéil deontais reatha, suas le €20,000 ar fáil, sa chás go bhfuil dhá aonad chónaithe á gcruthú agus suas le €40,000 sa chás go bhfuil trí aonad chónaithe nó níos mó á gcruthú san iarfhoirgneamh tráchtála/úsáide poiblí. Ciallaíonn sé sin go mbeidh na leibhéil deontais uasta cothrom le:-

- €70,000 i ndáil le hiarfhoirgneamh tráchtála nó úsáide poiblí folamh sa chás go bhfuil dhá aonad chónaithe á gcruthú agus €90,000 sa chás go bhfuil trí aonad chónaithe nó níos mó á gcruthú.
- €90,000 i ndáil le hiarfhoirgneamh tráchtála nó úsáide poiblí tréigthe sa chás go bhfuil dhá aonad chónaithe á gcruthú agus €110,000 sa chás go bhfuil trí aonad chónaithe nó níos mó á gcruthú.

Tabhair faoi deara – sa chás go bhfuil iarfhoirgneamh tráchtála / úsáide poiblí folamh nó dearóil a athoiriúnú mar aonad cónaithe amháin nó mar aonad amháin atá le ligean ar cíós – tá na ‘gnáthrátaí’ deontais uasta i bhfeidhm i.e. €50,000 agus €70,000.

49. Tá deontas ceadaithe dom cheana féin chun urláir fholmha a athchóiriú i m’fhoirgneamh tráchtála, an féidir liom an Deontas Athchóirithe do Réadmhaoín Fholamh a fháil anois le haghaidh Athrú ar Iarfhoirgneamh tráchtála /úsáide poiblí?

Ní féidir, tagann an deontas sínte i bhfeidhm le héifeacht ón 31 Márta 2026.

50. Má tá níos mó ná úinéir amháin foirgnimh ann, an féidir le gach úinéir iarratas a dhéanamh ar an Deontas Athchóirithe do Réadmhaoín Fholamh - Iarfhoirgneamh tráchtála /úsáide poiblí a athrú?

Ní féidir, níl ach deontas amháin (lena n-áirítear breisithe ábhartha) ar fáil in aghaidh an fhoirgnimh. Ní mór d’úinéirí uile an fhoirgnimh iarratas a dhéanamh le chéile ar fhoirm iarratais amháin.

51. An gá dom tuairisc a chur ar fáil ó ghairmí cáilithe má tá iarratas á dhéanamh agam ar an deontas breisithe tréigthe chun an t-iarfhoirgneamh úsáide tráchtála/poiblí a bhí agam a athrú?

Is gá, ní mór tuairisc ó ghairmí neamhspleách (is é sin ailtire cláraithe, **suirbhéir** cláraithe, nó innealtóir cláraithe) a chur isteach má tá tú ag cur isteach ar an deontas breisithe tréigthe.

52. An gá dom dearadh/líníocht réamhchéime a chur ar fáil chun m’iarfhoirgneamh tráchtála/úsáide phoiblí a athrú?

I gcásanna ina bhfuil dhá aonad cónaithe nó níos mó á gcruthú, ní mór dearadh/líníocht imlíne réamhchéime a chur isteach leis an bhfoirm iarratais a thaispeánann líon beartaithe na n-aonad cónaithe atá le cruthú san fhoirgneamh.

Tabhair faoi deara, i gcás ina n-úsáidtear “réadmhaoín/réadmhaoine” sa doiciméad, go dtagraíonn sé seo do theaghaisí aonair agus d’iarfhoirgnimh tráchtála/úsáide.

53. Cad é Sainchomhairle Deontais?

Beidh suas le €5,000 ar fáil freisin d'úinéirí iar-fhoirgnimh tráchtála / úsáide poiblí chun Sainchomhairle Deontais a lorg sula ndéanfaidh siad iarratas ar an Deontas Athchóirithe do Réadmhaoin Fholamh. Trí úsáid a bhaint as seirbhísí gairmí cuícháilithe cabhrófar chun úinéirí a chur ar an eolas faoi na hoibreacha riachtanacha, pleanáil, ceanglais tógála, rialacháin reachtúla etc. atá le cloí agus tionscadail den sórt sin a chur i gcrích. Níl aon oibleagáid ar an úinéir leanúint d'iarratas ar dheontas a dhéanamh tar éis Sainchomhairle Deontais a fháil. Is féidir tuilleadh eolais faoin Sainchomhairle Deontais a fháil anseo:

www.gov.ie/vacancy

54. An gá dom fianaise a sholáthar maidir le hiarratas/cead pleanála nó díolúine sula gceadófar/sula n-íocfar mo dheontas ceadaithe?

I gcásanna ina dtagann ceist chun cinn maidir le cé acu an dteastaíonn cead pleanála ó fhorbairt bheartaithe nó an forbairt dhíolmhaithe í, ceanglófar ar iarratasóir/na hiarratasóirí faoin scéim dearbhú díolúine a chur isteach faoi Alt 5, den Acht um Pleanáil agus Forbairt, 2000. D'fhéadfadh an cheist seo teacht chun cinn go háirithe, i gcás athrú úsáide, réadmhaoine a bhí folamh ar feadh tréimhse fhada ama, fo-roinnt réadmhaoin agus réadmhaoin a bhfuil drochbhail amach agus amach uirthi agus a dteastaíonn oibreacha suntasacha uathu araon. Féach freisin ar cheist 9 thuas.

55. Cad iad na rialacháin eile is gá dom a chomhlíonadh?

I gcás iarfhoirgneamh iomlán úsáide tráchtála / poiblí a thiontú ina iliomad aonad cónaithe, ceanglaítear leis na Rialacháin um Rialú Foirgníochta 1997 go 2024 ar úinéirí, tógálaithe agus gairmithe foirgníochta cláraithe a léiriú tríd an gClár Reachtúil Gníomhaíochta um Rialú Foirgníochta go ndearnadh na hoibreacha nó an foirgneamh lena mbaineann a dhearadh agus a thógáil i gcomhréir leis na Rialacháin Foirgníochta.

Is ar gach úinéir agus tógálaí atá an fhreagracht as rialacháin rialaithe foirgníochta a chomhlíonadh. Tá tuilleadh faisnéise le fáil anseo: <https://www.gov.ie/en/department-of-housing-local-government-and-heritage/publications/building-control/>

I gcás inarb iomchuí agus sula n-eiseofar íocaíocht deontais, lorgóidh an t-údarás áitiúil fianaise trí Dheimhniú Comhlíontachta bailíochtaithe ar Chríochnú i leith na n-oibreacha a rinneadh.

56. Cad is Deimhniú Comhlíontachta ar Chríochnú ann?

Deimhníonn Deimhniú Comhlíontachta ar Chríochnú, arna bhailíochtú agus arna chlárú ag an Údarás

Tabhair faoi deara, i gcás ina n-úsáidtear “réadmhaoin/réadmhaoine” sa doiciméad, go dtagraíonn sé seo do theaghaisí aonair agus d'iarfhoirgnimh tráchtála/úsáide.

Rialaithe Foirgníochta, gur féidir an foirgneamh/ na haonaid chónaithe a úsáid nó a áitiú.

57. Cén cineál oibreacha a chumhdaítear ag an deontas?

Tugann an scéim Deontas Athchóirithe do Réadmhaoín Fholamh (leathanach 14) agus an fhoirm iarratais sonraí maidir leis na catagóirí oibreacha atá incháilithe do chúnamh deontais, faoi réir measúnú costais réasúnta ag an údarás áitiúil agus faoi réir na dteorainneacha le haghaidh oibreacha ar leith mar atá leagtha amach. Ní mór na hoibreacha a cheadú roimh ré, tar éis don údarás áitiúil iniúchadh a dhéanamh ar an réadmhaoín.

58. Cad a tharlóidh má shocraím ceann de na haonaid san fhoirgneamh athchóirithe a dhíol?

Ceanglaítear go mbeidh an t-iarratasóir/na hiarratasóirí ina c(h)ónaí/ina gcónaí sna haonaid chónaithe cháilithe agus go ligfidh siad ar cíós (le tionóntachtaí atá cláraithe leis an mBord um Thionóntachtaí Cónaithe) iad ar feadh tréimhse deich mbliana ar a laghad ó dháta íoctha an deontais. Má dhíolann tú an foirgneamh nó cuid de na haonaid chónaithe uile a cruthaíodh san fhoirgneamh tráth ar bith, nó má scoireann ceann de bheith mar do phríomháit chónaithe phríobháideach tar éis duit a dhearbhu go n-úsáidfear é chuige sin, nó mura bhfuil na haonaid chónaithe á ligean ar cíós a thuilleadh laistigh de dheich mbliana, ní mór duit gné de luach iomlán an Deontais a aisíoc leis an údarás áitiúil, mar atá leagtha amach ar leathanach 19 d'ímlíne na scéime (www.gov.ie/vacancy). De réir mar a ghearrtar an muirear ar an bhfoirgneamh ina iomláine, beidh ar an údarás áitiúil gníomhas scaoilte páirteach a dheonú ar aisíocaíocht an mhéid aisghlámtha.

Sa chás go dtagann titim ar luach na n-aonad cónaithe a cruthaíodh san fhoirgneamh, beidh an méid iomlán airgeadaíochta, faoi réir an chéatadáin aisghlámtha thuas, fós inaisíoctha leis an údarás áitiúil. Ní mór fianaise ar chlárú bliantúil tionóntachta/tionóntachtaí leis an mBord um Thionóntachtaí Cónaithe chun sástacht an údarais áitiúil a chur faoi bhráid an údarais áitiúil gach bliain ar feadh tréimhse deich mbliana tar éis an deontas a íoc.

Ní mór comhaontú (ina gcuimsítear an fhoirm iarratais shínithe, an litir cheada shínithe agus an doiciméad táille sínithe) a thabhairt chun críche idir an t-údarás áitiúil agus an t-iarratasóir ina bhfuil an comhaontú aisghlámtha, lena n-áirítear táille ar an réadmhaoín, a bheidh ina cheangal ar an iarratasóir/ar na hiarratasóirí nuair a tharlaíonn íostarraingt.

59. Más rud é go bhfuair mé Deontas Athchóirithe do Réadmhaoín Fholamh roimhe seo i leith réadmhaoine cíosa, an féidir liom iarratas a dhéanamh ar dheontas freisin chun iarfhoirgneamh tráchtála/úsáide poiblí a athrú?

Tabhair faoi deara, i gcás ina n-úsáidtear “réadmhaoín/réadmhaoine” sa doiciméad, go dtagraíonn sé seo do theaghaisí aonair agus d'iarfhoirgnimh tráchtála/úsáide.

Cinnte, is féidir le duine aonair a bhain leas as an Deontas Athchóirithe do Réadmhaoín Fholamh nó a ceadáíodh dó/di iarratas a dhéanamh ar an Deontas Athchóirithe do Réadmhaoín Fholamh - Athrú Iarfhoirgeamh Tráchtála/Úsáide Poiblí d'fhoirgnimh ar leith atá faoina úinéireacht agus atá á athrú ina iomláine ina dhá aonad cónaithe nó níos mó.

60. An féidir liom m'fhoirgneamh a roinnt ina ilfhóiliónna éagsúla chun leas a bhaint as níos mó ná Deontas Athchóirithe do Réadmhaoín Fholamh amháin - Athrú Iarfhoirgneamh Tráchtála/Úsáide Poiblí?

Ní féidir, ní bheidh ach **Deontas Athchóirithe do Réadmhaoín Fholamh amháin - Athrú Iarfhoirgneamh Tráchtála/Úsáide Poiblí** (lena n-áirítear aon mhéideanna breise) ar fáil don fhoirgneamh. Ní cheadaítear fóiliónna a roinnt chun leas a bhaint as níos mó ná deontas amháin in aghaidh an fhoirgnimh.

61. Cad a tharlaíonn má éiríonn aonad cíosa folamh le linn na tréimhse aisghlámtha 10 mbliana mar gheall ar fhoirceannadh tionóntachta?

I gcásanna ina n-éiríonn aonad/aonaid chónaithe folamh de bharr tionóntacht a bheith críochnaithe mar gheall ar fhoirceannadh ag ceachtar páirtí, ní bheidh feidhm ag na coinníollacha aisghlámtha ar choinníoll go bhfaighidh úinéir an fhoirgnimh tionónta/tionóntachtaí nua agus go gcláraíonn sé/sí tionóntacht/tionóntachtaí nua leis an BTC go tráthúil ar bhealach chun sástacht an údaráis áitiúil. Lorgóidh an t-údarás áitiúil fianaise ar iarrachtaí chun tionónta/tionóntaí nua a aimsiú.



An Roinn Tithíochta,
Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta
Department of Housing,
Local Government and Heritage